



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 23.9.2011
COIM(2011) 566 leagan deireanach

2011/0243 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le riachtanais dhá chabhail nó riachtanais deartha choibhéiseacha a chéimniú
isteach ar dhóigh bhrostaíthe do thancaeir ola aonchabhlaigh**

(Athmhúnlúchán)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. Chinn¹ an Coimisiún, an 1 Aibreán 1987, treoir a thabhairt dá fhoireann gach gníomh reachtach a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, á chur i bhfios dóibh gur bunriachtanas é sin agus gur cheart iarracht a dhéanamh na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu a chódú laistigh d'agaí níos giorra fós lena áirithiú go mbeidh na forálacha iontu soiléir sothuigte.
2. Chuir an Coimisiún tús le códú Rialachán (CE) Uimh. 417/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 maidir le riachtanais dhá chabhail nó riachtanais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar dhóigh bhrostithe do thancaeir ola aon chabhlaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2978/94² ón gComhairle. Beartaíodh go nglacadh an Rialachán nua ionad na ngníomhartha éagsúla a chuimsítear ann.³
3. Idir an dá linn, tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm. Le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ceadaítear don reachtóir an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachta a bhfuil feidhm ghinearálta leo a fhorlónann nó a leasaíonn gnéithe neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach sin a ghlacadh. Sa chonradh nua is 'gníomhartha tarmligthe' (Airteagal 290(3)) a thugtar ar na gníomhartha dlí a ghlacann an Coimisiún ar an mbealach sin.
4. Tá foráil i Rialachán Uimh. 417/2002 a mbeadh sé tráthúil tarmligean cumhachta den sórt sin a dhéanamh ina leith. Is iomchuí, dá bhrí sin, athmhúnlú a dhéanamh ar chódú Rialachán (CE) Uimh. 417/2002 d'fhonn na leasuithe is gá a ionchorprú ann.
5. Tarraingíodh suas an togra athmhúnlaithe ar bhonn réamh-chomhdhlúthú Rialachán (CE) Uimh. 417/2002 agus na n-ionstraimí lena leasaítear é, sna teangacha oifigiúla go léir. Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí chóras próiseála sonraí. I gcás inar tugadh uimhreacha nua do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir na seanuimhreacha agus na huimhreacha nua i dtábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán athmhúnlaithe.

¹ COIM(87) 868 miontuairiscí.

² IO L 64, 7.3.2002, Ich. 1.

³ Féach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra seo.



Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le riachtanais dhá chabhail nó riachtanais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar dhóigh bhrostithe do thancaeir ola aonchabhlaigh

(Athmhúnlúchán)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal  100  (2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁵,



Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

↓ nua

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 417/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 maidir le riachtanais dhá chabhail nó riachtanais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar dhóigh bhrostithe do thancaeir ola aonchabhlaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2978/94⁶ ón gComhairle a leasú go substainteach roinnt uaireanta⁷: Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

↓ 417/2002 aithris 1 (oiriúnaithe)

(2) Faoi chuimsiú an chomhbheartais iompair,  ba cheart  bearta a dhéanamh chun sábháilteacht a fheabhsú agus chun truailliú a chosc ó thaobh muiriompair de.

⁴ IO C [...], [...], lch.[...].

⁵ IO C [...], [...], lch.[...].

⁶ IO L 64, 7.3.2002, lch. 1.

⁷ Féach Iarscríbhinn I.

↓ 417/2002 aithris 2 (oiriúnaithe)

- (3) Is cúis mhór inní don ☒ Aontas Eorpach ☒ na tionóiscí loingis a mbíonn tancaeir ola bainteach leo agus an truailliú a dhéanann na tionóiscí sin dá imeallbhoird, dá fhlóra agus fauna agus d'acmhainní eile mara.

↓ 417/2002 aithris 3

- (4) Ina Theachtaireacht dar teideal 'comhbheartas maidir le sábháilteacht ar muir', chuir an Coimisiún béim ar an iarraidh a rinne an Chomhairle urghnách maidir leis an gComhshaol agus Iompar an 25 Eanáir 1993 tacú le gníomhaíocht na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) an bharna sábháilteachta idir longa nua agus longa atá ann cheana a chúngú trí longa atá ann cheana a uasghrádú agus/nó a chéimniú amach de réir a chéile.

↓ 417/2002 aithris 4

- (5) Ina Rún i leith comhbheartais maidir le sábháilteacht ar muir⁸, mhaígh Parlaimint na hEorpa gur chúis sásaimh Teachtaireacht an Choimisiúin agus d'iarr sí, go háirithe, go ndéanfaí bearta chun caighdeán sábháilteachta tancaer a fheabhsú.

↓ 417/2002 aithris 5

- (6) Lena Rún an 8 Meitheamh 1993 i leith comhbheartais maidir le sábháilteacht ar muir⁹ thacaigh an Chomhairle go huile agus go hiomlán le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún.

↓ 417/2002 aithris 6

- (7) Ina Rún i leith an leo ola amach ó chósta na Fraince a glacadh an 20 Eanáir 2000, mhaígh Parlaimint na hEorpa gur chúis sásaimh a bheadh in aon iarracht a dhéanfadh an Coimisiún an dáta a thabhairt ar aghaidh faoina mbeadh oibleagáid ar thancaeir ola dhá chabhail a bheith iontu.

↓ 1726/2003 aithris 9

- (8) Ina Rún i leith thubaiste an tancaeir ola 'Prestige' a tharla amach ó chósta na Gailíse an 21 Samhain 2002, d'iarr Parlaimint na hEorpa go mbeadh bearta ní ba láidre ann a d'fhéadfadh a theacht i bhfeidhm ní ba sciobtha, agus mhaígh sí gur léiriú eile a bhí sa tubaiste sin go bhfuil gá le bearta éifeachtacha ar leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an AE chun feabhas mór a chur ar shábháilteacht ar muir.

⁸ IO C 91, 28.3.1999, lch. 301.

⁹ IO C 271, 7.10.1993, lch. 1.

↓ 417/2002 aithris 7

- (9) Trí bhíthin an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, agus trí bhíthin Phrótocal 1978 a bhaineann leis (MARPOL 73/78), bhunaigh an IMO rialacha idirnáisiúnta maidir le truailliú a chosc, rialacha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus a dhéanann difear do dhearadh agus d'oibriú tancaer ola. Is Páirtithe i MARPOL 73/78 na Ballstáit.
-

↓ 417/2002 aithris 8

- (10) De réir Airteagal 3.3 de MARPOL 73/78, ní bhaineann an Coinbhinsiún sin le longa cogaidh, le longa cúntacha cabhlaigh ná le longa eile ar leis an stát iad nó a oibríonn an stát agus nach n-úsáidtear ach chun seirbhísí neamhthráchtála rialtais a chur ar fáil.
-

↓ 417/2002 aithris 9

- (11) Léiríonn staitisticí maidir le haois tancaer agus maidir le tionóiscí, go mbaineann níos mó tionóiscí do longa atá níos sine. Táthar ar aon fhocal, ar leibhéal idirnáisiúnta, go mbeidh leibhéal níos airde cosanta ag tancaer ola aonchabhlach i gcoinne truailliú taismeach le hola i gcás iombhualadh nó tráchur tar éis ghlacadh leasuithe na bliana 1992 ar MARPOL 73/78, lena gceanglaítear go ndéanfar caighdeáin dhá chabhail nó caighdeáin deartha choibhéiseacha a chur i bhfeidhm maidir le tancaer ola aonchabhlach nuair atá aois áirithe slánaithe acu.
-

↓ 417/2002 aithris 10 (oiriúnaithe)

- (12) Is le leas an Aontais Eorpaigh bearta a ghlacadh d'fhonn a áirithiú go mbeidh Rialachán 20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 arna leasú in 2004 le Rún 117(52) ón gCoiste Cosanta Comhshaoil Mhuirí (MEPC) á chomhlíonadh ag tancaer ola a thagann isteach i gcalafoirt nó i gcríochfoirt amach ón gcósta nó a théann ar ancaire i limistéar atá faoi dhlínse Ballstáit nó ag tancaer ola a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, d'fhonn an baol go dtarlóidh truailliú taismeach le hola in uisce Eorpacha a laghdú.
-

↓ 457/2007 aithris 4 (oiriúnaithe)

- (13) Trí bhíthin Rún 114(50) ó Choiste Cosanta Comhshaoil Mhuirí (MEPC) an IMO, arna ghlacadh an 4 Nollaig 2003, tugadh isteach Rialachán 21 nua in Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 maidir le cosc a chur ar thruailliú ó thancaer ola agus ola de ghrád trom á hiompar acu, lena gcuirtear cosc ar ola de ghrád trom a iompar i dtancaer aonchabhlach. I míreanna 5, 6, agus 7 de Rialachán 21 déantar foráil don fhéidearthacht díolúintí a bheith ann ó chur i bhfeidhm forálacha áirithe den Rialachán sin . Sa ráiteas a rinne Uachtaránacht na hIodáile ar an gComhairle Eorpach thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus a taifeadadh i dtuairisc oifigiúil Choiste Cosanta Comhshaoil Mhuirí an IMO (MEPC 50/3), tugtar tiomantas polaitiúil go staonfar ó úsáid a bhaint as na díolúintí sin.

↓ 417/2002 aithris 11 (oiriúnaithe)

- (14) An 6 Iúil 1993 tháinig leasuithe i bhfeidhm ar Choinbhinsiún MARPOL 73/78 a ghlac an IMO an 6 Márta 1992. Leis na bearta sin, forchuirtear riachtanais dhá chabhail nó riachtanais deartha choibhéiseacha do thancaeir ola a seachadadh an 6 Iúil 1996 nó ina dhiaidh sin agus is é is aidhm leo cosc a chuir ar thruailliú le hola i gcás iombhualadh nó tráchur. Laistigh de na leasuithe sin, tháinig scéim céimnithe amach i bhfeidhm an 6 Iúil 1995 maidir le tancaeir ola aonchabhach a seachadadh roimh an dáta sin, scéim lena gceanglaítear ar thancaeir a seachadadh roimh an 1 Meitheamh 1982 na caighdeáin dhá chabhail nó na caighdeáin deartha choibhéiseacha a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 25 bliain, nó 30 bliain i gcásanna áirithe, tar éis dáta a seachadta. Na tancaeir ola aonchabhach sin atá ann faoi láthair, ní cheadófar a n-úsáid tar éis 2005 , nó tar éis 2012 i gcásanna áirithe, mura gcomhlíonfaidh siad na riachtanais dhá chabhail nó na riachtanais deartha choibhéiseacha atá i Rialachán 19 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78. I gcás tancaer ola aonchabhach a seachadadh tar éis an 1 Meitheamh 1982 nó i gcás tancaer ola aonchabhach a seachadadh roimh an 1 Meitheamh 1982 agus a tiontaíodh chun riachtanais MARPOL 73/78 maidir le humair bhallasta dheighilte agus a n-ionad cosanta á gcomhlíonadh, beidh an spriocdháta istigh in 2026 ar a dhéanaí.
-

↓ 417/2002 aithris 12 (oiriúnaithe)

- (15) Glacadh leasuithe tábhachtacha ar Rialachán 20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 an 27 Aibreán 2001 sa 46ú seisiún de MEPC an IMO (MEPC-46) trí Rún 95(46) ón MEPC agus an 4 Nollaig 2003, trí Rún 111(50) ón MEPC lenar tugadh isteach scéim nua chun tancaeir ola aonchabhach a chéimniú amach ar dhóigh bhrostithe. Ar mhéid agus ar aois na long a bhraitheann na dátaí deiridh faoinar gá do na tancaeir Rialachán 19 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 a chomhlíonadh. Sa scéim sin, dá bhrí sin, tá tancaeir ola roinnte ina dtrí chatagóir de réir tonnáiste, déantúis agus aoise. Tá tábhacht ag baint leis na catagóirí sin ar fad, an chatagóir is ísle san áireamh, Catagóir 3, ó thaobh trádála laistigh den AE .
-

↓ 417/2002 aithris 13 (oiriúnaithe)

- (16) Is é cothrom dháta seachadta na loinge an dáta deiridh faoina mbeidh tancaer ola le céimniú amach, agus beidh an dáta sin de réir sceidil dar tús 2003 agus dar críoch 2005 i gcás tancaer ola de Chatagóir 1, agus dar críoch 2010 i gcás tancaer ola de Chatagóir 2 agus de Chatagóir 3.
-

↓ 417/2002 aithris 15 (oiriúnaithe)

- (17) Le Rialachán 20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 tugtar isteach an riachtanas nach bhféadfaidh aon tancaer ola aonchabhach leanúint de bheith ag oibriú go dtí tar éis cothrom dháta a seachadta in 2005 faoi réir Scéim chun Bail a Mheasúnú (SBM), arna glacadh an 27 Aibreán 2001 le Rún 94(46) ó MEPC an IMO arna leasú le Rún 99(48) ón MEPC an 11 Deireadh Fómhair 2002 agus le Rún 112(50) ón MEPC an 4 Nollaig 2003 . Leis an SBM forchuirtear oibleagáid ar riarachán thír na brataí ráiteas comhlíontachta a eisiúint agus páirt a ghlacadh i

nósanna imeachta suirbhé an SBM. ☒ Tá an SBM ceaptha chun laigí struchtúracha a bhraith i seantancaeir agus ba cheart feidhm a bheith aige maidir le gach tancaer ola atá níos sine ná 15 bliana. ☒

↓ 417/2002 aithris 16 (oiriúnaithe)

- (18) I Rialachán ☒ 20.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 ☒ tá eisceacht i gcás tancaer ola de Chatagóir 2 agus Catagóir 3 lena gceadaítear dóibh oibriú, faoi imthosca áirithe, tar éis spriocdháta a gcéimnithe amach. I Rialachán ☒ 20.8.2 den Iarscríbhinn chéanna ☒ tugtar an ceart do na Páirtithe i gCoinbhinsiún MARPOL 73/78 diúltú cead a thabhairt do thancaeir ola a bhfuil cead acu oibriú faoin eisceacht sin, teacht isteach i gcalafoirt agus i gcríochfoirt amach ón gcósta atá faoina ndlínse. Mháigh na Ballstáit go bhfuil sé i gceist acu an ceart sin a fheidhmiú. Nuair a ghlacfar cinneadh dul i muinín an chearta sin, ☒ ba cheart ☒ é a chur in iúl don IMO.

↓ 417/2002 aithris 17

- (19) Tá sé tábhachtach a áirithiú nach gcuirfidh forálacha an Rialacháin seo sábháilteacht an chriú ná an tancaeir ola i mbaol agus iad ar lorg cuain shábháilte nó dídine.

↓ 417/2002 aithris 18

- (20) Ionas go bhféadfaidh longchlóis sna Ballstáit tancaeir ola aonchabhlach a dheisiú, féadfaidh na Ballstáit, ar bhonn eisceachtúil, ligean do longa den sórt sin teacht isteach ina gcalafoirt, ar chuntar nach bhfuil aon lastas iontu.

↓ 417/2002 aithris 19 (oiriúnaithe)
⇒ nua

- (21) ⇒ Ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ó thaobh leasú a dhéanamh ar ☒ chun críche leasú a dhéanamh ar thagairtí áirithe do na Rialacháin atá in MARPOL 73/78 agus do Rún MEPC 111(50) agus Rún MEPC 94(46) a leasú chun na tagairtí sin a chur ar comhréim le leasuithe ar na Rialacháin sin agus ar na Rúin sin arna nglacadh ag an IMO, sa mhéid nach leathnóidh na leasuithe sin raon feidhme an Rialacháin seo. ~~Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad chun eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 417/2002 a leasú, ní foláir iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnserúdu dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE¹⁰.~~

¹⁰ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

↓ 417/2002 (oiriúnaithe)
→₁ 1726/2003 Airteagal 1,
pointe 1

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aidhm

Is é is aidhm leis an Rialachán seo scéim céimnithe isteach brostaithe a bhunú chun na riachtanais dhá chabhail nó na riachtanais deartha choibhéiseacha atá i gCoinbhinsiún MARPOL 73/78 , arna sainiú in Airteagal 3, a chur i bhfeidhm maidir le tancaeir ola aonchabhlaigh →₁ , agus chun cosc a chur ar ola de ghráid throma a iompar i dtancaeir ola aonchabhlaigh isteach i gcalafóirt na mBallstát nó amach uathu ← .

Airteagal 2

Raon feidhme

↓ 1726/2003 Airteagal 1 pointe 2
(oiriúnaithe)

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le tancaeir ola ag a bhfuil meálasta 5 000 tonna nó níos mó:

(a) a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu;

(b) atá ag teacht isteach nó ag imeacht as calafort nó as críochfort amach ón gcósta i limistéar atá faoi dhlínse Ballstáit, is cuma cén bratach atá ar foluain acu.

Chun críocha Airteagal 4(3), beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le tancaeir ola ag a bhfuil meálasta 600 tonna nó níos mó.

↓ 417/2002

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa cogaidh, longa cúntacha cabhlaigh ná longa eile ar leis an stát iad nó a oibríonn stát agus nach n-úsáidtear, do thuras na huair, ach chun seirbhísí neamhthráchtála rialtais a chur ar fáil. A oiread is praiticiúil agus is réasúnta, féachfaidh na Ballstáit chuige go n-urramófar an Rialachán seo i gcás na long dá dtagraítear sa mhír seo.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

1. ciallaíonn 'MARPOL 73/78' an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, arna leasú le Prótocal 1978 a bhaineann leis (na leaganacha nuashonraithe díobh);
2. ciallaíonn 'tancaer ola' tancaer ola mar atá sainmhínte i Rialachán 1.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;
3. ciallaíonn 'meálasta' meálasta mar atá sainmhínte i Rialachán 1.23 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;
4. ciallaíonn 'tancaer ola de Chatagóir 1' tancaer ola ag a bhfuil meálasta 20 000 tonna nó níos mó agus ina bhfuil amhola, ola bhreosla, ola throm dhíosail nó ola bhealaithe á hiompar nó tancaer ola ag a bhfuil meálasta 30 000 tonna nó níos mó agus ina bhfuil ola seachas na holaí thuasluaite á hiompar agus nach gcomhlíonann riachtanais Rialacháin 18.1 go 18.9, 18.12 go 18.15, 30.4, 33.1, 33.2, 33.3, 35.1, 35.2 agus 35.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;
5. ciallaíonn 'tancaer ola de Chatagóir 2' tancaer ola ag a bhfuil meálasta 20 000 tonna nó níos mó agus ina bhfuil amhola, ola bhreosla, ola throm dhíosail nó ola bhealaithe á hiompar nó tancaer ola ag a bhfuil meálasta 30 000 tonna nó níos mó agus ina bhfuil ola seachas na holaí thuasluaite á hiompar agus a chomhlíonann riachtanais Rialacháin 18.1 go 18.9, 18.12 go 18.15, 30.4, 33.1, 33.2, 33.3, 35.1, 35.2 agus 35.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 agus a bhfuil umair bhallasta dheighilte feistithe air in ionad cosanta;
6. ciallaíonn 'tancaer ola de Chatagóir 3' tancaer ola ag a bhfuil meálasta 5 000 tonna nó níos mó ach meálasta atá níos lú ná an meálasta atá sonraithe i sainmhínte 4 agus 5;
7. ciallaíonn 'tancaer ola aonchabhlaich' tancaer ola nach gcomhlíonann na riachtanais dhá chabhail nó na riachtanais deartha choibhéiseacha atá i Rialachán 19 agus Rialachán 28.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;
8. ciallaíonn 'tancaer ola dhá chabhail' tancaer ola:
 - (a) ag a bhfuil meálasta 5 000 tonna nó níos mó agus a chomhlíonann na riachtanais dhá chabhail nó na riachtanais deartha choibhéiseacha atá i Rialachán 19 agus Rialachán 28.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 nó na riachtanais i Rialachán 20.1.3 di; nó
 - (b) ag a bhfuil meálasta 600 tonna nó níos mó ach ag a bhfuil níos lú ná meálasta 5 000 tonna agus ar a bhfuil feistithe umair atóna nó spásanna dúbailte a chomhlíonann Rialachán 19.6.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78

agus ar a bhfuil feistithe umair chliathánacha nó spásanna cliathánacha atá socraithe i gcomhréir le Rialachán 19.3.1 den Iarscríbhinn sin agus a chomhlíonann an riachtanas maidir le hachar w i Rialachán 19.6.2. di;

9. ciallaíonn 'aois' aois na loinge, arna sloinneadh i líon blianta ó uair a seachadta;
10. ciallaíonn 'ola throm dhíosail' ola dhíosail mar atá sainmhínithe i Rialachán 20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;
11. ciallaíonn 'ola bhreosla' driogáití troma amhola nó iarmhair díobh nó cumaisc d'ábhair den sórt sin mar atá sainmhínithe i Rialachán 20 d' Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;
12. ciallaíonn 'ola de ghráid throma':
 - (a) amholaí de dhlús, ag teocht 15°C, os cionn 900 kg/m³¹¹
 - (b) olaí seachas amholaí agus atá de dhlús, ag teocht 15°C, os cionn 900 kg/m³, nó de shlaodacht chinéimiteach, ag teocht 50°C, os cionn 180 mm²/s¹²;
 - (c) biotúman agus tarra agus eibleachtaí díobh.

↓ 417/2002 (oiriúnaithe)

Airteagal 4

Comhlíonadh na riachtanas dhá chabhail nó na riachtanas deartha coibhéiseach ag tancaeir ola aonchabhlaich

1. Ní cheadófar d'aon tancaeir ola oibriú faoi bhratach Ballstáit ná ní cheadófar d'aon tancaer ola, is cuma cén bratach atá ar foluain aige, dul isteach i gcalafoirt nó i gcríochfoirt amach ón gcósta atá faoi dhlínse Ballstáit mura tancaeir ola dhá chabhail é:

↓ 1726/2003 Airteagal 1
pointe 4(c) (oiriúnaithe)
→₁ 1163/2009 Airteagal 1(2)

2. In ainneoin mhír 1, na tancaeir ola de Chatagóir 2 nó de Chatagóir 3 nach bhfuil feistithe orthu ach atónta nó taobhanna dúbailte nach n-úsáidtear chun ola a iompar agus a chlúdaíonn fad iomlán an umair lastais, nó tancaeir ola ar a bhfuil spásanna dhá chabhail feistithe nach n-úsáidtear chun ola a iompar agus a chlúdaíonn fad iomlán an umair lastais, ach nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le díolúine ó fhorálacha →₁ Rialachán 20.1.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 ←, féadfaidh siad leanúint de bheith ag oibriú, ach ní fhéadfaidh siad leanúint de bheith ag oibriú tar éis chothrom dáta seachadta na loinge in 2015 nó tar éis 25 bliain ó dháta seachadta na loinge, cibé acu sin is túisce.

¹¹ Freagraíonn sé seo do ghrád API atá faoi bhun 25.7.

¹² Freagraíonn sé seo do shlaodacht chinéimiteach atá os cionn 180 cSt.

↓ 457/2007 Airteagal 1

3. Ní cheadófar d'aon tancaer ola a bhfuil ola de ghráid throma á hiompar aige bratach Ballstáit a bheith ar foluain aige mura tancaer ola dhá chabhail é.

Ní cheadófar do thancaer ola ar bith a bhfuil ola de ghráid throma á hiompar aige, is cuma cén bhratach a bheidh ar foluain aige, dul isteach nó imeacht as calafoirt ná críochfoirt amach ón gcósta atá faoi dhlínse Ballstáit ná dul ar ancaire i limistéir atá faoi dhlínse Ballstáit, mura tancaer ola dhá chabhail an tancaer sin.

↓ 1726/2003 Airteagal 1
pointe 4(e) (oiriúnaithe)

4. Féadfar tancaeir ola a oibrítear go heisiach i gcalafoirt agus in uiscebhealaí intíre a dhíolmhú ón oibleagáid faoi mhír 3 ar chuntar go mbeidh siad deimhnithe mar is cuí faoin reachtaíocht maidir le huiscebhealaí intíre.

↓ 1726/2003 Airteagal 1 pointe 5
(oiriúnaithe)

Airteagal 5

Comhlíonadh na scéime chun bail a mheasúnú

Beag beann ar an mbratach atá ar foluain aige, ní cheadófar d'aon tancaer ola aonchabhlaich atá níos sine ná 15 bliana d'aois dul isteach nó imeacht as calafoirt ná críochfoirt amach ón gcósta atá faoi dhlínse Ballstáit ná dul ar ancaire i limistéir atá faoi dhlínse Ballstáit, mura bhfuil an scéim chun bail a mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 6 á comhlíonadh aige.

↓ 1726/2003 Airteagal 1 pointe 6
(oiriúnaithe)
→₁ 2172/2004 Airteagal 1 pointe 2

Airteagal 6

An scéim chun bail a mheasúnú

Chun críocha Airteagal 5, beidh feidhm ag an scéim chun bail a mheasúnú arna glacadh le →₁ Rún 94(46) ón MEPC an 27 Aibreán 2001 arna leasú le Rún 99(48) ón MEPC an 11 Deireadh Fómhair 2002 agus le Rún 112(50) ón MEPC an 4 Nollaig 2003 ←.

↓ 417/2002 (oiriúnaithe) → ₁ 1163/2009 Airteagal 1(3)

Airteagal 7

Dáta deiridh

Tar éis chothrom dháta seachadta na loinge in 2015 ☒ , ní cheadófar a thuilleadh an méid a leanas: ☒

- (a) tancaeir ola de Chatagóir 2 agus de Chatagóir 3 a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu a leanúint de bheith ag oibriú, i gcomhréir le →₁ Rialachán 20.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 ←;
- (b) tancaeir ola eile de Chatagóir 2 agus de Chatagóir 3 a theacht isteach i gcalafoirt nó i gcríochfoirt amach ón gcósta atá faoi dhlínse Ballstáit fiú amháin má tá siad ag oibriú agus bratach trú Stát fós ar foluain acu i gcomhréir le →₁ Rialachán 20.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 ←.

Airteagal 8

Díolúintí do longa in éigean nó chun go bhféadfar longa a dheisiú

↓ 1726/2003 Airteagal 1 pointe 7

De mhaolú ar Airteagail 4, 5, agus 7, féadfaidh údarás inniúil Ballstáit, faoi réir forálacha náisiúnta, in imthosca eisceachtúla, cead a thabhairt do long ar leith dul isteach nó imeacht as calafoirt nó críochfoirt amach ón gcósta nó dul ar ancaire i limistéar atá faoi dhlínse an Ballstáit sin sna cásanna a leanas:

↓ 417/2002 (oiriúnaithe) → ₁ 1163/2009 Airteagal 1(4)(a)(i) → ₂ 1163/2009 Airteagal 1(4)(a)(ii) → ₃ 1163/2009 Airteagal 1(4)(b)

- (a) nuair atá tancaer ola in éigean agus ar lorg dídine;
- (b) nuair atá tancaer ola díluchtaithe ag dul ar aghaidh chuig cuan le go ndeiseofar é.

Airteagal 9

Fógra a thabhairt don IMO

1. Déanfaidh gach Ballstát an IMO a chur ar an eolas maidir le cinneadh gan cead a thabhairt do thancaeir ola, de bhun Airteagal 7 den Rialachán seo, atá ag oibriú i gcomhréir le →₁ Rialachán 20.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 ← teacht isteach i gcalafoirt nó i gcríochfoirt amach ón gcósta atá faoina dhlínse, ar bhonn →₂ Rialachán 20.8.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 ←.

2. Má dhéanann Ballstát oibriú tancaeir ola de Chatagóir 1 nó de Chatagóir 2 a bhfuil sé de cheart aige a bratach a bheith ar foluain aige, i gcomhréir le hAirteagal 5, ar bhonn →₃ Rialachán 20.8.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78 ← a cheadú, a chur ar fionraí, a tharraingt siar nó a dhiúltú, tabharfaidh sé fógra ina thaobh sin don IMO.

↓ 417/2002

Airteagal 10

Nós imeachta leasaithe

↓ 219/2009 Iarscríbhinn,
pointe 7.4.2 (oiriúnaithe)
⇒ nua

Féadfaidh an Coimisiún ⇒ gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun críche leasú a dhéanamh ar ⇐ na tagairtí atá sa Rialachán seo do Rialacháin Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78, agus ar na tagairtí do Rún 111(50) ón MEPC agus do Rún 94(46) ón MEPC, arna leasú le Rún 99(48) ón MEPC agus le Rún 112(50) ón MEPC, chun na tagairtí a chur ar comhréim le leasuithe ar na Rialacháin sin agus ar na Rúin sin arna nglacadh ag an IMO, a mhéid nach leathnóidh na leasuithe sin raon feidhme an Rialacháin seo. ~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(2).~~

↓ 2099/2002 Airteagal 11 pointe 3
(oiriúnaithe)

Féadfar na leasuithe ar ☒ MARPOL 73/78 ☒ a eisiámh ó raon feidhme an Rialacháin seo, de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.

↓ nua

Airteagal 11

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is go ceann tréimhse éiginnte a thabharfar don Choimisiún na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 10 a ghlacadh.
2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.
3. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 12 agus Airteagal 13 a thugtar don Choimisiún na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Airteagal 12

An tarmligean a chúlghairm

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 10 a chúlghairm tráth ar bith.

2. Is í an institiúid a chuir tús le nós imeachta inmheánach le teacht ar chinneadh cé acu a chúlghairfeá nó nach gcúlghairfeá tarmligean na gcumhachtaí a chuirfidh an reachtóir eile agus an Coimisiún ar an eolas aon mhí amháin ar a dhéanaí sula nglacfar an cinneadh deireanach, agus sonróidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna leis an gcúlghairm.

3. Má chinntear an cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an gcinneadh láithreach nó ag dáta níos déanaí a bheidh sonraithe ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Airteagal 13

Agóidí in aghaidh gníomhartha tarmligthe

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe laistigh de thréimhse dhá mhí ó dháta an fhógra.

Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, cuirfear mí amháin leis an tréimhse sin.

2. Más rud é, nuair a thiofadh deireadh leis an tréimhse sin, nach ndearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tíofoadh sé i bhfeidhm ar an dáta arna shonrú ann.

Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm roimh dhul in éag don tréimshe sin, más rud é go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach raibh sé ar intinn acu agóid a dhéanamh.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid in gcoinne gnímh tharmligthe, ní thiofadh sé i bhfeidhm. Luafadh an institiúid a mbeidh agóid á déanamh aici na cúiseanna atá le hagóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

↓ 417/2002 (oiriúnaithe)

Airteagal 14

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. ☒ 417/2002 ☒ .

↓

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*



IARSCRÍBHINN I

An Rialachán aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air (dá dtagraítear in Airteagal 14)

Rialachán (CE) Uimh. 417/2002 ó Pharlaimint na hEorpa
agus ón gComhairle
(IO L 64, 7.3.2002, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa Airteagal 11 amháin
agus ón gComhairle
(IO L 324, 29.11.2002, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 1726/2003 ó Pharlaimint na hEorpa
agus ón gComhairle
(IO L 249, 1.10.2003, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 2172/2004 ón gCoimisiún
(IO L 371, 18.12.2004, lch. 26)

Rialachán (CE) Uimh. 457/2007 ó Pharlaimint na hEorpa
agus ón gComhairle
(IO L 113, 30.4.2007, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa Iarscríbhinn, pointe 7.4
agus ón gComhairle amháin
(IO L 87, 31.3.2009, lch. 109)

Rialachán (CE) Uimh. 1163/2009 ón gCoimisiún
(IO L 314, 1.12.2009, lch. 13)

IARSCRÍBHINN II

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 417/2002	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2 (1), na focail tosaigh	Airteagal 2(1), na focail tosaigh
Airteagal 2(1), an chéad fhomhír, an chéad fhleasc	Airteagal 2(1), an chéad fhomhír, pointe (b)
Airteagal 2(1), an chéad fhomhír, an dara fleasc	Airteagal 2(1), an chéad fhomhír, pointe (a)
Airteagal 2(1), an dara fomhír	Airteagal 2(1), an dara fomhír
Airteagal 2(2)	Airteagal 2(2)
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4(1), na focail tosaigh	Airteagal 4(1)
Airteagal 4 (1), pointe (a)	-
Airteagal 4(1), pointe (b)	-
Airteagal 4(2)	Airteagal 4(2)
Airteagal 4(3)	Airteagal 4(3)
Airteagal 4(4)	Airteagal 4(4)
Airteagal 4(5)	-
Airteagal 4(6)	-
Airteagal 5	Airteagal 5
Airteagal 6	Airteagal 6
Airteagal 7, na focail tosaigh	Airteagal 7, na focail tosaigh
Airteagal 7, an chéad fhleasc	Airteagal 7(a)
Airteagal 7, an dara fleasc	Airteagal 7(b)
Airteagal 7, na focail dheireanacha	Airteagal 7, na focail tosaigh
Airteagal 8(1), na focail tosaigh	Airteagal 8, na focail tosaigh

Airteagal 8(1), an chéad fhleasc	Airteagal 8(a)
Airteagal 8(1), an dara fleasc	Airteagal 8(b)
Airteagal 8(2)	-
Airteagal 9(1)	-
Airteagal 9(2)	Airteagal 9(1)
Airteagal 9(3)	Airteagal 9(2)
Airteagal 10	-
Airteagal 11	Airteagal 10
-	Airteagal 11
-	Airteagal 12
-	Airteagal 13
Airteagal 12	Airteagal 14, an chéad mhír
-	Airteagal 14, an dara mír
Airteagal 13	Airteagal 15
-	Iarscríbhinn I
-	Iarscríbhinn II
